GX2562

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

ARD-DIOPLÓMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH

SCRÚDUITHE NA BLIANA 2000 - 2001

SEIMEASTAR 1

DLÍ

Pádraig Ó Héalaí
Tomás Ó Máille
Brian Ó Donnchadha

Tá trí cheist le freagairt. Caithfear ceist amháin ar a laghad a fhreagairt ó **Chuid A** agus ceist amháin ar a laghad ó **Chuid B**.

Dhá uair go leith a cheadófar.

CUID A

1. Scríobh cuntas ar na cearta pearsanta a ráthaíonn Bunreacht na hÉireann. An gceapann tú go bhfuil an iomarca cumhachta ag na cúirteanna faoin gcuid seo den Bhunreacht?

2. Scríobh aiste ar stádas bunreachtúil na Gaeilge. An molfá aon athruithe i dtéacs Alt 8 den Bhunreacht ina leagtar amach stádas na Gaeilge?

3. Roghnaigh dhá cheann de na cúirteanna atá ann faoi láthair agus déan cur síos ar an dlínse agus na cumhachtaí atá ag an dá chúirt sin.

4. Scríobh cuntas ar oifig an Uachtaráin agus na dualgais atá ar an Uachtarán faoin mBunreacht.

CUID B

5. Tá colún reatha ag Brídín Beo i nuachtán DOmhnaigh. An DOmhnach seo caite, scríobh sí alt mar seo a leanas:

> Anois go bhfuil an Nollaig ag teacht, táimid go léir ag faire amach don duine speisialta sin a bheas in ann muid a choimeád sona agus compordach i rith an tséasúir. Bheadh trua agat don mhainicín álainn sin, Cindy Nic Mhicilín. Tá sise i ngrá le fear óg áirithe a chuireann clár do pháistí i láthair ar TV7. Ach beidh díomá uirthi, mar cé go bhfuil an fear óg céanna thar a bheith dathúil, tá sé chomh haerach le fuiseog, agus seans go mbeidh sé ag caitheamh na Nollag in éineacht lena chara Julio sa Spáinn.

Deir Peadar Ó Doirnín (nó Peadar Mhicí Joe Nancy Tom Pheaits mar is fearr aithne air) gurb eisean an t-aon fhear a chuireann clár do pháistí i láthair ar TV7. Deir sé nach bhfuil sé homaighnéasach agus nach bhfuil aithne aige ar dhuine ar bith darb ainm Julio. Deir se freisin go bhfuil sé clúmhillte de bharr an mhéid a scríobh Brídín Beo.

Iarrtar ort comhairle a thabhairt dó má tá clúmhilleadh i gceist. Léirigh na cúiseanna atá taobh thiar den chomhairle a thugann tú.

6. I rith chlár teilifíse faoi scéimeanna uisce i gceantracha áirithe Gaeltachta, rinneadh cur síos ar an méid atá déanta le roinnt blianta anuas ag Donncha Rua Ó Suilleabháin i nGaeltacht Mhaigh Eo. Dúirt an tuairisceoir gur mhór an t-athrú a bhí tagtha ar shaol an Uasail Uí Shúilleabháin ó bhí sé ina bhall den RUC i dTuaisceart na hÉireann. De réir an tuairisceora chéanna, nuair a bhí Dennis Sullivan (mar a b'fhearr aithne ar Dhonncha Rua ag an am) ina bhall den RUC, bhí sé go láidir ar son an dlí agus na slándála poiblí. Bhí sé i gcónaí ag faire ar an IRA. Is iomaí duine díobh a chúisigh sé agus a chaith seal fada i bpríosún dá bharr. Ba "fíor-fhrith-Phoblachtach" é Donncha Rua Ó Súilleabháin ag an am sin, a dúirt an tuairisceoir. A mhalairt de scéal atá ann anois a dúirt sé, mar bhí Donncha Rua ag tacú le Sinn Féin i gContae Mhaigh Eo san olltoghchán deireanach a bhí ann.

Is fíor go raibh Donncha Rua ina bhall den RUC tráth agus go raibh sé ag tacú le Sinn Féin san olltoghchán deireanach a bhí ann. Ach deir sé mar sin féin gur ndearnadh leabhal air sa tuairisc thuasluaite. An gceapann tú go raibh leabhal inti? Léirigh na cúiseanna a gceapann tú go bhfuil leabhal i gceist nó nach bhfuil.